C/2025/5773

28.10.2025

Foilsiú na teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach formheasta ar shonraíocht táirge le haghaidh tásc geografach i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún [1]

(C/2025/5773)

TEACHTAIREACHT MAIDIR LE FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH

(Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143)

'Toma Piemontese'

Uimh. AE: PDO-IT-0026-AM01 - 7.8.2025

1. **Ainm an táirge**

'Toma Piemontese'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☒ Ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint (ATFC)

☐ Tásc geografach faoi chosaint (TGFC)

☐ Tásc Geografach (TG)

3. **Earnáil**

☒ Táirgí talmhaíochta

☐ Fíonta

☐ Deochanna biotáilleacha

4. **An tír ar léi an limistéar geografach**

an Iodáil

5. **Údarás an Bhallstáit atá ag cur an leasaithe chaighdeánaigh in iúl**

MASAF [Aireacht Talmhaíochta, Bhiafhlaithis agus Foraoiseachta]

6. **Incháilitheacht mar leasú caighdeánach**

Míniú ar an bhfáth a dtagann an leasú (nó na leasuithe) faoin sainmhíniú ar leasú caighdeánach dá bhforáiltear in Airteagal 24(4) de Rialachán (AE) Uimh. 2024/1143

Tagann na leasuithe faoin sainmhíniú ar leasú caighdeánach ós rud é nach n-áirítear leo athrú ar an ainm ná ar úsáid an ainm, nach bhfuil baol ann go gcuirfear an nasc ar neamhní leo agus nach bhfuil tuilleadh srianta ar chur ar an margadh an táirge i gceist leo.

7. **Tuairisc ar an leasú (nó ar na leasuithe) formheasta**

1. *Leasú ar Airteagal 2 den tsonraíocht táirge agus ar phointe 3.2 den doiciméad aonair maidir leis an tuairisc ar an táirge*

I gcás na gcineálacha lánsaille agus meánsaille araon:

— sonraíodh gur féidir an cháis a úsáid freisin le haghaidh cócaireachta;

— cuireadh an fhoclaíocht 'agus féithiú [nádúrtha] éadrom ann uaireanta' leis an tuairisc ar uigeacht an taois;

[1] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha a bhaineann le tásca geografacha, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta a chlárú agus a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 (IO L, 2025/27, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/27/oj).

— scriosadh an fhoclaíocht lena dtugtar tuairisc ar an gcraiceann mar chraiceann nach bhfuil inite toisc go bhfuil sí iomarcach;

— chun dramhaíl phróiseála a laghdú, cuireadh an fhéidearthacht leis cáis 'Toma Piemontese' a tháirgeadh i gcruth nach cruth sorcóireach é ar choinníoll go bhfuil sé beartaithe í a dhísliú, a ghrátáil agus/nó a phróiseáil ina dtáirgí ilchodacha, bíodh sí ullmhaithe nó próiseáilte.

Léitear an t-airteagal leasaithe mar a leanas:

'Saintréithe an táirge

Tá an t-ainmniúchán tionscnaimh 'Toma Piemontese' forchoimeádta le haghaidh cáis a bhfuil na saintréithe seo a leanas aici: cáis lánsaille ó bhainne iomlán, nó cáis mheánsaille ó bhainne leathbhearrtha (go meicniúil nó trí bhearradh dromchla); déantar an cháis as bainne bó, b'fhéidir steirilithe agus b'fhéidir ionaclaithe le heinsímí bainne agus/nó le saothráin tús gabhála nádúrtha.

Tá dhá chineál cháis Toma Piemontese ann: Toma Piemontese lánsaille a dhéantar as bainne iomlán agus Toma Piemontese meánsaille a dhéantar as bainne leathbhearrtha.

Úsáidtear mar cháis bhoird í agus le haghaidh cócaireachta agus tá na saintréithe seo a leanas inti:

(A) Toma Piemontese lánsaille

Cruth: sorcóireach a mbíonn a thaobhanna cothrom nó beagnach cothrom;

Méid: bíonn na taobhanna idir 15 agus 35 cm ar trastomhas agus bíonn an tsáil (a d'fhéadfadh a bheith beagán dronnach) idir 6 cm agus 12 cm ar airde;

Meáchan: idir 1,8 agus 9 kg (tagraíonn an méid agus an meáchan don cháis tar éis na híostréimhse aibithe);

Dath an taois: buí éadrom ar dhath na tuí;

Uigeacht an taois: bog ina mbíonn súile beaga a bhíonn dáilte go cothrom, bíonn féithiú nádúrtha éadrom gar don chraiceann uaireanta;

Cuma: craiceann leaisteach agus mín a athraíonn idir dath buí éadrom na tuí agus donn scothdhearg, ag brath ar mhéid an aibithe;

Blas: séimh agus deas lena mbaineann dea-bholadh éadrom;

Cion saille san ábhar tirim: nach lú ná 40 %.

B) Toma Piemontese meánsaille

Cruth: sorcóireach a mbíonn a thaobhanna cothrom nó beagnach cothrom;

Méid: bíonn na taobhanna idir 15 agus 35 cm ar trastomhas agus bíonn an tsáil (a d'fhéadfadh a bheith beagán dronnach) idir 6 cm agus 12 cm ar airde;

Meáchan: idir 1,8 agus 9 kg (tagraíonn an méid agus an meáchan don cháis tar éis na híostréimhse aibithe);

Dath an taois: buí éadrom ar dhath na tuí;

Uigeacht an taois: idir leaisteach agus leathchrua (a éiríonn níos teinne de réir mar a aibíonn an cháis) ina mbíonn súile beaga, bíonn féithiú nádúrtha éadrom gar don chraiceann uaireanta;

Cuma: craiceann neamhleaisteach, a mbíonn cuma ainmhín uirthi agus a mbíonn dath éagsúil uirthi idir buí domhain ar dhath na tuí agus donn scothdhearg ag brath ar an méid aibithe;

Blas: dian agus comhchuí, le dea-bholadh cumhra a fhásann níos suntasaí de réir mar a aibíonn an cháis;

Cion saille san ábhar tirim: nach lú ná 20 %.

Chun dramhaíl phróiseála a chosc, agus faoi réir chomhlíonadh na sonraíochtaí maidir le meáchan, airde sála, agus dath agus uigeacht an taois, ní gá go mbeadh cruth sorcóireach ar cháis 'Toma Piemontese' má tá sí beartaithe go heisiach í a dhísliú, a ghrátáil agus/nó a phróiseáil ina dtáirgí ilchodacha, bíodh sí ullmhaithe nó próiseáilte.

Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

2. *Leasú ar Airteagal 3 den tsonraíocht táirge agus ar phointe 4 den doiciméad aonair*

— Níor athraíodh an limistéar táirgeachta, ach chun mearbhall a sheachaint cuireadh isteach sainmhíniú Réigiún Píodmant ar fhéarach sléibhe (*alpeggio*).

Cuireadh isteach an méid seo a leanas:

'Déantar cáis Toma Piemontese d'Alpeggio, den chineál lánsaille nó meánsaille, trí bhainne a fhaightear ó bha atá cothaithe ar fhéar a phróiseáil le linn na tréimhse féaraigh sléibhe ón 1 Meitheamh go dtí an 15 Deireadh Fómhair. Chun innilt a fhorlíonadh, féadfar na ba a bheathú le forbhianna arb iad suas le 10 % den ábhar tirim ina mbeatha laethúil. Ní mór an bainne a phróiseáil ar an bhféarach sléibhe. I gcás tréada sléibhe neamh-imirceacha, táirgtear cáis Alpeggio ó bhainne ó bha atá cothaithe ar fhéar a thógtar ar thalamh atá suite ag airde níos mó ná 900 m, a chomhlíonann na ceanglais a shonraítear thuas maidir leis an tréimhse agus leis an aiste bia. Ní mór an bainne a phróiseáil sa limistéar sléibhe.'

Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

3. *Leasú ar Airteagal 5 den tsonraíocht táirge agus ar phointe 3.3 den doiciméad aonair maidir leis an gcineál binide a úsáidtear*

— Cuireadh isteach an fhéidearthacht binid nach de bhunadh ainmhíoch í a úsáid chun freastal ar éileamh méadaitheach an mhargaidh ar an gcineál sin táirge.

Léitear an mhír leasaithe mar a leanas:

'Amhábhair: bainne bó, salann, binid lao nó, mar mhalairt air sin, téachtach nach de bhunadh ainmhíoch é, agus einsímí aigéid lachtaigh agus/nó saothráin tús gabhála nádúrtha i gcás inar gá. Ní mór na saothráin nádúrtha a tháirgeadh sa limistéar táirgeachta agus/nó mar thoradh ar phróiseáil a rinneadh roimhe sin.'

Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

4. *Leasú ar Airteagal 5 den tsonraíocht táirge maidir leis an modh táirgthe*

— Cuireadh 'aon fháscadh' in ionad na bhfocal 'an chéad fháscadh', maidir leis an gcéim díreach tar éis an taos a chur i múnla agus/nó i bhfoirm.

Léitear an abairt leasaithe mar a leanas:

'Cuirtear na gruthanna i múnlaí agus/nó i bhfoirmeacha, agus éadach á úsáid b'fhéidir, agus tar éis aon fháscadh, draenáiltear an meadhg iomarcach in áitribh oiriúnacha'.

Ní dhéanann an leasú difear don doiciméad aonair.

5. *Leasú ar Airteagal 5 den tsonraíocht táirge maidir leis an modh táirgthe*

— Laghdaíodh meáchan na gcáiseanna a aibítear ar feadh 60 lá ar a laghad ó 6 kg go 5,2 kg.

Léitear an abairt leasaithe mar a leanas:

'Aibítear an cháis in uaimheanna i gcomhréir leis an traidisiún nó in áitribh oiriúnacha ag teocht nach mó ná 13 °C agus bogthaise 85 %, móide nó lúide 13 phointe céatadáin. Le linn na céime sin, déantar na cáiseanna a iompú roinnt uaireanta agus déantar iad a ghlanadh le tuaslagán sáile go hócáideach.

Maireann an tréimhse sin ar feadh 60 lá ar a laghad i gcás cáiseanna ina bhfuil meáchan 5,2 kg nó níos mó agus 15 lá i gcás cáiseanna a bhfuil meáchan níos lú iontu.'

Ní dhéanann an leasú difear don doiciméad aonair.

6. *Leasú ar phointe 3.6 den doiciméad aonair*

— Cuireadh lógónna an ainmniúcháin, atá san áireamh cheana féin sa tsonraíocht táirge, isteach.

Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

‘Toma Piemontese’

Uimh. AE: PDO-IT-0026-AM01 - 7.8.2025

ATFC (X) TGFC ( )

1. **Ainm nó ainmneacha (an ATFC nó an TGFC)**

‘Toma Piemontese’

2. **Ballstát nó tríú tír**

an Iodáil

3. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta nó táirge bia**

3.1. *Cód Ainmníochta Comhcheangailte*

04 – TÁIRGÍ DÉIRÍOCHTA; UIBHEACHA ÉAN; MIL NÁDÚRTHA; TÁIRGÍ INITE DE BHUNADH AINMHÍOCH, NACH SONRAÍTEAR NÁ NACH nÁIRÍTEAR IN ÁIT EILE

0406 – Cáis agus gruth

3.2. *Tuairisc ar an táirge lena mbaineann an t-ainm in (1)*

Is cáis é ‘Toma Piemontese’ a tháirgtear go heisiach ó bhainne bó, i.e. bainne iomlán i gcás an chineáil lánsaille agus bainne leathbhearrtha i gcás an chineáil mheánsaille.

Ní mór na saintréithe seo a leanas a bheith sa táirge críochnaithe:

— Cruth: sorcóireach a mbíonn a thaobhanna cothrom nó beagnach cothrom agus sáil atá beagán dronnach.

— Méid: 15-35 cm ar trastomhas, airde na sála 6-12 cm.

— Meáchan: idir 1,8 agus 9 kg

Tagraíonn na tomhais agus na meáchain thuas don cháis tar éis na híostréimhse aibithe.

— Craiceann: do-ite, leaisteach agus mín, bíonn dath éagsúil air idir dath buí éadrom na tuí agus donn scothdhearg, ag brath ar mhéid an aibithe, i gcás an chineáil lánsaille.

— Craiceann: neamhleaisteach agus cuma ainmhín air, agus bíonn dath éagsúil air idir dath dorcha buí na tuí agus donn scothdhearg, don chineál meánsaille.

— Uigeacht an taois: bog ina mbíonn súile beaga a bhíonn dáilte go cothrom i gcás an chineáil lánsaille agus leaisteach nó leathchrua (a éiríonn níos teinne de réir mar a aibíonn an cháis) ina mbíonn súile beaga i gcás an chineáil mheánsaille.

Uaireanta bíonn féithiú nádúrtha éadrom gar don chraiceann ag an gcineál lánsaille agus ag an gcineál meánsaille araon.

— Dath an taois: buí éadrom ar dhath na tuí.

— Blas: séimh agus deas le dea-bholadh éadrom don chineál lánsaille agus dian agus comhchuí, le dea-bholadh cumhra a fhásann níos suntasaí de réir mar a aibíonn an cháis, don chineál meánsaille.

— Cion saille san ábhar tirim: nach lú ná 40 % don chineál lánsaille agus nach lú ná 20 % don chineál meánsaille.

Chun dramhaíl phróiseála a chosc, agus faoi réir chomhlíonadh na sonraíochtaí maidir le meáchan, airde sála, agus dath agus uigeacht an taois, ní gá go mbeadh cruth sorcóireach ar cháis ‘Toma Piemontese’ má tá sí beartaithe go heisiach í a dhísliú, a ghrátáil agus/nó a phróiseáil ina dtáirgí ilchodacha, bíodh sí ullmhaithe nó próiseáilte.

3.3. *Beatha (i gcás táirgí de thionscnamh ainmhíoch amháin) agus amhábhair (i gcás táirgí próiseáilte amháin)*

Ní mór na heallaí a bheathú go príomha ar fharae glas nó leasaithe nó ar fharae féir thirim ó mhóinéir, ó thalamh féaraigh nó ó thalamh féaraigh móinéir nó ó fhéar tirim ó mhóinéir féir mheasctha. Ní mór formhór an ábhair bheatha sin teacht ón limistéar geografach sainithe.

Amhábhair: bainne bó, salann, binid lao nó, mar mhalairt air sin, téachtach nach de bhunadh ainmhíoch é, agus einsímí aigéid lachtaigh agus/nó saothráin tús gabhála nádúrtha i gcás inar gá. Ní mór na saothráin nádúrtha a tháirgeadh sa limistéar táirgeachta agus/nó mar thoradh ar phróiseáil a rinneadh roimhe sin.

3.4. *Céimeanna sonracha táirgthe nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe*

Ní mór an próiseas táirgthe iomlán (tógáil eallach, táirgeadh bainne, téachtadh, próiseáil an ghrutha, foirmiú, draenáil, sailleadh agus aibiú na cáise) a dhéanamh laistigh den limistéar a shainítear i bpointe 4.

3.5. *Rialacha sonracha maidir le sliseadh, grátáil, pacáistiú, etc. an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Féadfar an cháis a dhíol ina hiomláine, slisnithe, ina sciartha nó réamhphacáilte. Féadfar gearradh agus réamhphacáil a dhéanamh lasmuigh den limistéar geografach táirgeachta.

3.6. *Rialacha sonracha maidir le lipéadú an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Is éard atá sa mharc comhréireachta lipéad páipéir (14-27 cm ar trastomhas) a ghreamú, le linn na céime réamh-mhargaíochta, agus marc a bhrandáil i lár taobh amháin de gach cáis, agus úsáid á baint as feistí iomchuí, ar a bhfuil lógó ATFC agus an litir 'S' don chineál meánsaille. Ní fhéadfar an táirge a mhargú leis an ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint 'Toma Piemontese' ach amháin tar éis an mharcáil agus an lipéadú sin a bheith déanta.

Féadfar gliú bia a úsáid chun an lipéad páipéir a ghreamú.

Tá lógó cháis ATFC Toma Piemontese comhdhéanta de bha stílithe a bhfuil dath gorm uirthi ina bhfuil na focail 'Toma Piemontese' scríofa i ndath bán agus ciorcal glas, bán agus dearg timpeall orthu a léiríonn dathanna bhratach na hIodáile.

Greamaítear an comhartha tionscnaimh trí bhíthin séala plaisteach a léiríonn, sa lár, ceann bó a fhorleagtar le litir stílithe 'T'; tá cód alfa-uimhriúil sainiúil an táirgeora, ina bhfuil litir sa chás uachtair agus uimhir dhá dhigit, le léiriú ar chlé an fhigiúir. I gcás Toma Piemontese meánsaille, léirítear litir 'S' sa chás uachtair i mbosca beag atá suite go lárnach os cionn an lógó.

Tá lógó ATFC Toma Piemontese le feiceáil i lár an lipéid páipéir agus tá fáinne a bhfuil dath glas air ina bhfuil na focail 'Toma Piemontese DOP' timpeallaithe ar imeall seachtrach an lipéid. I gcás cáiseanna meánsaille, ní mór an focal 'Semigrasso' a bheith san fhoclaíocht sin freisin. Ní mór an lógó céanna a bheith ar cháis a dhíoltar ina sciartha.

Féadfar lógó ATFC Toma Piemontese, don chineál lánsaille agus don chineál meánsaille faoi seach, a atáirgeadh i ndubh agus bán má dhíoltar an cháis ina sciartha nó má réamhphacáilte.



4. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach**

Cuimsíonn limistéar tionscnaimh an bhainne, agus an limistéar ina dtáirgtear agus ina n-aibítear cáis Toma Piemontese, críoch riaracháin chúigí Novara, Vercelli, Biella, Turin, Cuneo, Verbania Cusio Ossola, chomh maith le bardais Monastero Bormida, Roccaverano, Mombaldone, Olmo Gentile agus Serole i gcúige Asti, agus Acqui Terme, Terzo, Bistagno, Ponti agus Denice i gcúige Alessandria.

Déantar cáis Toma Piemontese d'Alpeggio, den chineál lánsaille nó meánsaille, trí bhainne a fhaightear ó bha atá cothaithe ar fhéar a phróiseáil le linn na tréimhse féaraigh sléibhe ón 1 Meitheamh go dtí an 15 Deireadh Fómhair. Chun innilt a fhorlíonadh, féadfar na ba a bheathú le forbhianna arb iad suas le 10 % den ábhar tirim ina mbeatha laethúil. Ní mór an bainne a phróiseáil ar an bhféarach sléibhe. I gcás tréada sléibhe neamh-imirceacha, táirgtear cáis Alpeggio ó bhainne ó bha atá cothaithe ar fhéar a thógtar ar thalamh atá suite ag airde níos mó ná 900 m, a chomhlíonann na ceanglais a shonraítear thuas maidir leis an tréimhse agus leis an aiste bia. Ní mór an bainne a phróiseáil sa limistéar sléibhe.

5. **Nasc leis an limistéar geografach**

Saintréith den limistéar sainithe is ea báisteach ard, dea-dháilte, le luachanna idir 800 mm agus 1 500 mm in aghaidh na bliana. Tá an bháisteach ag an leibhéal is ísle sa gheimhreadh, le buaicphointí san earrach agus buaicphointí tánaisteacha sa samhradh agus san fhómhar. Tá fáil nach beag ar uisce uisciúcháin ar na machairí. Cruthaíonn dálaí aeráide an limistéir, i dtéarmaí shaintréithe na n-ithreacha agus na leibhéal gréine (is é 5,4 uair an chloig in aghaidh an lae an dearbhluach meánach bliantúil, agus is é 8,4 uair an chloig in aghaidh an lae i mí Iúil an t-uasmhéid agus is é 3,5 uair an chloig ar a laghad in aghaidh an lae i mí na Samhna agus i mí na Nollag an t-íosmhéid), meascán uathúil agus aonair san Eoraip. Léirítear na dálaí ithreach agus aimsire sin i saintréithe an fharae, a chuirtear faoi mhionstrus maidir le teas agus uisce, as a n-eascraíonn fás láidir rábach. Is iondúil go mbíonn na féaraigh agus na móinéir agus an fás farae lán le seagalach, alfalfa agus féara agus plandaí léagúmacha eile ar ardchaighdeán, seamair san áireamh. Mar thoradh ar cháilíocht ard an fharae, tá táirgeadh bainne den scoth agus cáis le blasanna uathúla ann.

Tá na dálaí sonracha sin fabhrach freisin do na hainmhithe a thógtar, rud a chuireann lena leas i ndáil lena ndálaí tithíochta.

Tá scil ar leith na gcáiseoirí maidir leis an ngruth a ghearradh ríthábhachtach chun uigeacht inmhianaithe na cáise a bhaint amach, uigeacht a cheart a bheith bog agus inar cheart súile beaga a bheith agus iad dáilte go cothrom.

Saintréith den cháis is ea a huigeacht bhog agus súile beaga a bhíonn dáilte go cothrom.

Dálaí aimsire sonracha an limistéir, i bhfoirm an-chuid báistí agus bogthaise ard agus leibhéil áirithe nochta don ghrian, in éineacht le scileanna na gcáiseoirí áitiúla, a bhí in ann leas iomlán a bhaint as na dálaí sin, chuir siad é ar a chumas do Toma Piemontese leas iomlán a bhaint as acmhainneacht an limistéir shainithe táirgeachta, as a n-eascraíonn cáis arb í a huigeacht an-bhog a sainghné go bunúsach. Ciallaíonn scileanna sonracha na gcáiseoirí gur féidir gráinneacht a bhaint amach, tráth a ghearrtar an gruth, a fhaightear gan cócaireacht nó leathchócaireacht an-mhín, rud a bhaineann cothromaíocht fhoirfe amach idir mais na cáise agus an meadhg.

Leis an bpróiseas aibithe, a tharlaíonn go traidisiúnta in uaimheanna nádúrtha nó i dtimpeallachtaí oiriúnacha eile a bhfuil bogthaise an-ard mar shaintréith iontu, is féidir uigeacht bhog na cáise a chaomhnú freisin.

Tagairt d'fhoilsiú na sonraíochta

https://www.masaf.gov.it/flex/cm/pages/ServeAttachment.php/L/IT/D/1%252F6%252Fd%252FD.6b6d399c501936219b1d/P/BLOB%3AID%3D3340/E/pdf?mode=download